Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10815 – DEUTSCHE TELEKOM / ORANGE / TELEFONICA / VODAFONE / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 12/08)

1. An 6 Eanáir 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Deutsche Telekom AG ("Deutsche Telekom", an Ghearmáin),

— Orange SA ("Orange", an Fhrainc),

— Telefónica S.A. ("Telefónica", an Spáinn),

— Vodafone Group plc ("Vodafone", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Deutsche Telekom, Orange, Telefónica agus Vodafone rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nua de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibreoir teileachumarsáide ilnáisiúnta is ea Deutsche Telekom a bhfuil gníomhaíochtaí aige i mbreis agus 50 tír ar fud an domhain agus a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide móibílí agus fosaithe chomh maith le rochtain ar an idirlíon, teilifís agus táirgí teicneolaíochta,

— Oibreoir teileachumarsáide idirnáisiúnta is ea Orange a bhfuil gníomhaíochtaí aige in 27 dtír ar fud an domhain agus a sholáthraíonn raon fairsing seirbhísí cumarsáide leictreonacha i réimse na teileachumarsáide móibílí agus fosaithe agus an rochtain ar an idirlíon, go príomha, chomh maithe le seirbhísí teileachumarsáide le haghaidh cuideachtaí ilnáisiúnta,

— Oibreoir teileachumarsáide idirnáisiúnta agus soláthraí líonra mhóibíligh is ea Telefónica a bhfuil a chuid gníomhaíochtaí san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus i Meiriceá Theas go príomha agus a sholáthraíonn seirbhísí móibíleacha, fosaithe, idirlín agus teilifíse,

— Oibreoir teileachumarsáide idirnáisiúnta is ea Vodafone a bhfuil gníomhaíochtaí aige in 21 thír san Eoraip agus san Afraic den chuid is mó agus a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide, seirbhísí teileafónaíochta fosaithe agus seirbhísí miondíola teilifíse agus teinceolaíochta.

3. Beidh an comhfhiontar (JV) gníomhach maidir le soláthar réitigh aitheantais dhigitigh chun tacú le gníomhaíochtaí margaithe dhigitigh agus fógraíochta brandaí agus foilsitheoirí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10815 – DEUTSCHE TELEKOM / ORANGE / TELEFONICA / VODAFONE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË